

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2016



etb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

Clár Ábhar

Brollaigh	2
Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	3
Eagrú Seirbhísí	4
Achoimre Airgeadais	5
Príomhchaidreamh	5
Scoileanna BOOMESL	6
Breisoideachas agus Oiliúint	7
Scóip an tSoláthair	7
Soláthar BOO a Chomhtháthú	7
Ionaid Oiliúna agus Soláthar Oiliúna BOOMESL	8
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	8
An tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh	9
Oideachas Pobail	11
Uaireanta Comhoibríthe BOO	12
An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	12
Ionad Oiliúna Pobail	14
Ógtheagmháil	14
An tSeirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais d'Aosaigh	16
Cúrsaí Tráthnóna agus Ranganna Oíche Féinmhaoinithe	16
Scileanna don Obair	16
Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh Acla	17
Obair don Ógra	18
An Clár Críochnaithe Scolaíochta	19
Glúin an Cheoil	20
Glúin an Cheoil, Maigh Eo	20
Glúin an Cheoil, Sligeach	20
Faisnéis Teagmhála	21
Gluais	22
Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	23
Aguisín 2: Faisnéis Airgeadais	26

Brollaigh

Tá bród orm baint a bheith agam le cáilíocht an tsoláthair sheirbhíse a sholáthraíonn BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma dá foghlaimeoirí. Thit athrú leanúnach amach i mbliana don eagraíocht, agus cuireadh struchtúir nua riaracháin i bhfeidhm don eagraíocht, agus leanann dúshláin nua ag teacht chun solais. Léiríonn an bealach gairmiúil ina dtugtar faoi athruithe agus dúshláin laistigh den eagraíocht tiomantas agus dúthracht na foirne.

Míle buíochas libh go léir.

An Comh. Joseph Queenan, Cathaoirleach

Thit athrú agus comhdhlúthú leanúnach amach sa bhliain 2016 in BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Rinneadh Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta agus Forbartha a cheapadh faoi struchtúr leasaithe sinsearach riaracháin. Cé gur cuireadh fáilte an-mhór roimh na ceapacháin seo, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir laistigh den cheannoifig dá bharr. Tá comhoibriú leanúnach na foirne agus an toilteanas chun é sin a fháiltiú nach féidir ach cultúr athraithe atá ag teacht chun cinn a thabhairt air, le moladh.

Leanann BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma le cláir ardchaighdeáin san oiliúint agus san oideachas atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir a fhorbairt agus a sholáthar. Ní hamháin go bhfreagraíonn BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ar riachtanais an phobail, ach leanann sé ag stiúradh agus oideachas agus oiliúint á soláthar i gcomhoibriú agus i gcomhar leis an tionscal áitiúil, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile. Déantar ceiliúradh sa tuarascáil bhliantúil seo do bhliain 2016 ar na buaicphointí móra in oideachas agus oiliúint don eagraíocht.

Shaun Purcell, Príomhfheidhmeannach

Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bunaítear Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach do threoir agus rialú BOOMESL, faoi mar a leagtar amach sa phríomh-Acht, i reachtaíocht ábhartha eile agus sa *Chód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú*.

Chas an Bord le chéile sé huaire i rith 2016 agus, i gcomhréir le hAlt 3.4 den Chód Chleachtais, leagtar amach taifead freastail gach Comhalta Boird thíos:

Teideal	Ainm	Sloinne	Líon na gCruinnithe Boird Arna Fhrestail in 2016
An Comh.	John	Caulfield	5
An Comh.	Lisa	Chambers	0 (Éirthe as i bhFea 2016)
An Comh.	Tom	Connolly	6
An Comh.	Christy	Hyland	6
An Comh.	Teresa	McGuire	5
An Comh.	Thérèse	Ruane	5
An Comh.	Margaret	Gormley	7
An Comh.	Séamus	Kilgallon	6
An Comh.	Joseph	Queenan	7
An Comh.	Mary	Bohan	6
An Comh.	Paddy	O'Rourke	7
An Comh.	Enda	Stenson	5
An tUasal	Donna	Sheridan	7
An tUasal	Enda	Cawley	6
An tUasal	Susan	Finan	4
An tUasal	John	Gardiner	6
An tUasal	Evelyn	Cafferty	3
An tUasal	Paul	Ainsworth	3
An tUasal	Malachy	Molloy	6
An tUasal	Kieran	O'Dowd	4
An tUasal	Sinéad	Dore	5
An tUasal	Annie	May Reape	4 (tagtha in ionad L. Chambers, Márta 2016)

Eagrú Seirbhísí

In 2016, leag an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) struchtúr bainistíochta sinsearaí amach do BOOanna i gcomhar le maolú teoranta an mhoratóra ar earcaíocht. Chuir an struchtúr leasaithe bainistíochta ról Stiúrthóirí i bhfeidhm laistigh den earnáil. Tháinig an ról seo in ionad na samhla roimhe seo d'Oifigigh Oideachais agus Príomhoifigigh. Bunaithe ar a ghníomhaíocht agus a scála, leithdháileadh na poist seo a leanas ar BOOMESL:

- 1 Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- 1 Stiúrthóir Scoileanna
- 1 Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Rinneadh na trí cheapachán Stiúrthóra i ndiaidh chomórtais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, faoinar tugadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i Meán Fómhair 2016. Ceapadh beirt iarrthóirí inmheánacha agus iarrthóir seachtrach amháin leis na poist, agus ceapadh an t-iar-Oifigeach Oideachais (Gníomhach) le ról Stiúrthóir Scoileanna.

Baineadh roinnt acmhainní breise amach don cheannoifig trí athbhreithniú a dhéanamh ar folúntais ríthábhachtacha faoinar thug Stiúrthóirí na Scoileanna i gcomhar leis an ROS agus an Príomhfheidhmeannach.

Sa ráithe dheireanach in 2016, thug an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta faoi athbhreithniú ar struchtúir agus soláthar foirne riaracháin lena chinntiú gur cuireadh struchtúir chuí i bhfeidhm lena chur ar chumas éifeachtúlacht na gcróí-oibríochtaí gnó, oideachas agus oiliúint a sholáthar ar fud na dtrí chontae agus, le méid na heagraíochta, rialachas corparáideach agus ceanglais reachtaíochta a thabhairt san áireamh.

Chuipe sin, cuireadh na haonaid ghnó seo a leanas chun cinn trí phróiseas comhairliúcháin:

- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha
- Airgeadas

Cé go ndearnadh maolú áirithe teoranta ar an moratóir earcaíochta maidir le folúntais ríthábhachtacha a chabhraigh leis an athbhreithniú thuas, lean tionchar an mhoratóra le dúshlán a chur faoin eagraíocht.

Leanann BOOMESL a bheith tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar a sheirbhísí i gcomhthéacs Clár um Chlaochlú Seirbhís Phoiblí an Rialtais agus ar mhaithe le dea-rialachas corparáideach agus comhlíonadh.

Achoimre Airgeadais

Tá BOOMESL cistithe go díreach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) chun a iarbhunscoileanna a oibriú, agus ag SOLAS agus an ROS do chlár Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO).

In 2016, sholáthair Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais cistiú do thionscadail áirithe eile, chomh maith, an méid seo a leanas ina measc:

- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Sláinte

Tiomsaítear cistí, chomh maith, trí tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí, táillí teagaisc, seomraí a fháil ar cíos agus gníomhaíochtaí ar leibhéal áitiúil. B'ionann fáltais an Bhoird in 2016 agus €75.1 milliún. As na fáltais iomlána don tréimhse, bhain €1.5 milliún leis an gclár Caipitil. Cuimsítear in Aguisín 2 an Ráiteas Oibriúcháin bliantúil.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC agus C), a chuireann tuarascáil ar mhaoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais, iniúchóireacht gach bliain ar BOOMESL.

Tá BOOMESL freagrach as cuntas a choimeád agus comhlíonann BOOMESL a oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim go hiomlán.

Príomhchaidreamh

Léiríonn BOOMESL luach ar na naisc a rinneadh le mórpháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Is éard a bhaineann leis seo ná go dtéann BOOMESL i gcomhairle le, go ndéanann sé idirchaidreamh agus comhoibriú le réimse fairsing comhlachtaí poiblí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna. Oibríonn BOOMESL go dlúth le gach ceann de na trí údarás áitiúla ina limistéar feidhme agus d'iontráil sé i socrúithe comhpháirtíochta ar roinnt tionscnamh ar nós Ghlúin an Cheoil agus Chomhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Shligigh.

Oibríonn BOOMESL go dlúth, chomh maith, le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla, Comhpháirtíocht LEADER Shligigh, Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma, Comhpháirtíochtaí Mhaigh Eo Thoir agus Thuaidh, an Fóram Scileanna Réigiúnacha, FIT (FastTrack to Information Technology) agus Oifigí Fiontair Áitiúil, agus déantar ionadaíocht ar chomhlachtaí rialaithe Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo.

I rith na bliana, chomhoibrigh BOOMESL le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta múinteoireachta nó cúnamh airgeadais a sholáthar. I measc na n-eagraíochtaí siúd, tá an tSeirbhís Príosún, seirbhísí don ógra, Ceardlanna Oiliúna Pobail, agus an Líonra Náisiúnta Foghlama.

Léiríonn BOOMESL luach, chomh maith, ar agus leanann sé le naisc a fhorbairt leis an tionscal ar fud an réigiúin lena chinntiú go bhfuil an soláthar seirbhísí BOO cuí i dtaobh riachtanais na n-earnálacha éagsúla tionsclaíochta agus lena chinntiú gur féidir lenár mic léinn fostaíocht ábhartha agus bhríoch a bhaint amach dóibh féin.

Scoileanna BOOMESL

Tá BOOMESL freagrach as bainistíocht agus oibriú 19 n-iar-bhunscoil aitheanta i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim. Cuimsítear san fhigiúr seo dhá Choláiste aonair Breisoideachais, Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart agus Coláiste Chonnacht Thuaidh. Chun teacht ar shonraí ar scoileanna BOOMESL, féach Aguisín 1.

Cuireann scoileanna BOOMESL timpeallacht fháilteach agus chuimsitheach ar fáil, tá tiomantas do shármhaitheas sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim agus, trí cheannaireacht láidir scoile, tá siad tiomnaithe do chinntiú go mbaineann mic léinn a lánchumas amach. Tá foireann shármhaith ag BOOMESL de mhúinteoirí ardcháilithe agus taithíocha atá tiomanta do rath, ionchais a ardú, deiseanna a sholáthar deiseanna agus bheith meáite ar fhreastal ar riachtanais ár mic léinn go léir i suíomhanna cúraim agus tacúla. Seachas timpeallacht láidir acadúil agus chruthaitheach a sholáthar, cuireann gach ceann dár scoileanna gníomhaíochtaí dinimiciúla seach-churaclaim spóirt agus gníomhaíochtaí cultúrtha.

Cuirtear na cláir seo a leanas ar fáil inár iar-bhunscoileanna:

- Clár an Teastais Shóisearaigh
- Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh
- Clár na hIdirbhliana
- Clár na hArdteistiméireachta
- Gairmchláir na hArdteistiméireachta
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Cuireann ár scoileanna réimse fairsing ábhar ar fáil a fhad le leibhéal na hArdteistiméireachta.

D’oibrigh scoileanna agus an fhoireann go dian i rith na bliana chun uasoiliúint a sholáthar mar ullmhú d’athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, anuas ar an-chuid gníomhaíochtaí seach-churaclaim a sholáthar do scoláirí. Anuas air sin, sholáthair go leor dár gcoláistí sraith Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT), a léiríonn cumas BOOMESL chun freagairt ar agus nuálú a dhéanamh ar bhealach bríoch i dtaobh riachtanais fágóirí scoile agus foghlaimoírí fásta.

Leanann borradh ag teacht ar rolluithe i scoileanna BOOMESL, agus rollaigh 5,602 scoláire iar-bhunscoile agus IAT in 2016.

Breisoideachas agus Oiliúint

Scóip an tSoláthair

Cuireann BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma réimse fairsing cláir BOO ar fáil ar fud an réigiúin. Tá an soláthar BOO go léir agus a sheirbhísí gaolmhara in ainm is freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna daoine aonair, iad siúd atá fostaithe agus dífhostaithe, agus ar riachtanais ghnó agus gheilleagracha fostóirí sa réigiún.

I rith 2016, chuir BOOMESL cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha araon ar fáil i réimse fairsing limistéar do dhaonra éagsúil foghlaimeoirí fásta agus iar-dhara leibhéal. Cuireadh an soláthar BOO seo ar fáil mar chúrsaí lae agus oíche, agus áirítear leis na cláir an méid seo a leanas:

- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT)
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an TFAO)
- Litearthacht Aosach
- Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach (TDOBA)
- Oideachas Pobail
- Oiliúint ar Scileanna Sonracha
- Ógtheagmháil
- Ionad Oiliúna Pobail
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- Scileanna don Obair
- Cúrsaí tráthnóna agus ranganna oíche féinmhaoinithe
- Clár Athlonnaíochta Dídeanaithe

Anuas ar sholáthar oiliúna, cuireann BOOMESL na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Seirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais do Dhaoine Fásta
- Seirbhísí do Ghnólachtaí
- Comhoibriú le hinstiúidí eile

Soláthar BOO a Chomhtháthú

Rinne foirmiú BOOanna agus earnáil chomhtháite BOO, a dhíríonn go soiléir ar chúrsaí agus cláir a fhorbairt agus a sholáthar atá in ainm is daoine a ullmhú don fhostaíocht agus/nó staidéar breise, idir dhúshlán agus deis a chruthú.

Ba ghnéithe iad cláir chomhordaithe a fhorbairt chun cláir a sholáthar a bhí dírithe ar dhúbláil a íoslaghdú, rochtain ag daoine aonair a mhéadú, feabhas a chur ar ábharthacht d'fhostóirí agus caighdeán na gclár a bhí ar tairiscint a mhéadú agus a choimeád de sheirbhís BOO BOOMESL i gcaitheamh na tréimhse seo.

I Meán Fómhair 2016, bhí gliondar croí ar BOOMESL aistriú isteach ina Ionad nua BOO i gCaisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo. Tugadh deich gclár BOO le chéile sa tsaoráid seo faoi aon díon amháin i láthair fheiceálach i lár an bhaile, a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcéadta cliant, anuas ar ghrúpaí pobail agus fostóirí áitiúla.

Ionaid Oiliúna agus Soláthar Oiliúna BOOMESL

Chuir Ionaid Oiliúna BOOMESL atá bunaithe i Sligeach agus Béal an Átha oiliúint go díreach agus go hindíreach ar 2,523 duine aonair i measc réimse clár in 2016.

As an iomlán seo, ba phrintísigh 484 díobh a bhí ag tabhairt faoi oiliúint as an láthair ag Céimeanna 2, 4 agus 6. Cláíodh 190 printíseach in 2016, aníos ó 153 an bhliain roimhe sin, a léiríonn an méadú a tháinig ar ghníomhaíocht gheilleagrach. Tugadh Curaclam leasaithe Leagan 4 isteach le haghaidh phrintísigh Chéim 2 i gceirdeanna na Ceapartóireachta agus na Siúinéireachta, Meicneoir Feithiclí Troma, Oibriú Miotail, Pluiméireacht agus Leictreach. Cuiradh tús le dhá phrintíseacht den ghlúin nua san Innealtóireacht agus Árachas, agus rinne ár gcomhghleacaithe in Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach (IT, Sligeach) an phrintíseacht in Árachas a chur ar bun.

Tháinig laghdú, go ginearálta, ar rátaí iarratais ar chúrsaí oiliúna do dhaoine dífhostaithe anuas ó fhigiúirí 2015, a bhí mar an gcéanna, tríd is tríd, leis na figiúirí sa dá bhliain roimhe sin. Tugadh le fios go raibh athruithe ar chúinsí geilleagracha agus laghduithe ar thacaíochtaí airgeadais ar an toisc ba mhó a chur leis an tearcúsáid a baineadh as leithdháileadh. Rinneadh bainistiú ar bhonn áitiúil ar ailíniú an tsoláthair chun freastal ar riachtanais fostóirí agus ghnólachtaí áitiúla. Rinne an próiseas seo tagairt do agus teagmháil le gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla chun freastal ar na riachtanais sa limistéar sin, agus rinne grúpa pleanála BOO BOOMESL maoirseacht air. Leagadh béim ar leith ar dheiseanna a sholáthar don chohórt ardtosaíochta d'oibrithe ísealoilte agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

Cuirtear oiliúint ar dhaoine faoi mhíchumas a lorgaíonn fostaíocht trí Sholáthraithe Sainoiliúna. Ina measc seo tá ionaid an Líonra Náisiúnta Foghlama i gCaisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, baile Shligigh agus Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma, anuas an Ionad Ability Enterprises i mBaile an Daighin, Contae Mhaigh Eo agus cúrsa Thitimeas Éireann ar champas IT, Sligeach, ina gcuirtear oiliúint ar fáil orthu siúd ar tháinig gortú inchinne orthu. Tá cúrsaí á soláthar ag na hionaid seo a saindearadh do dhaoine faoi mhíchumas, in ionaid oiliúna ina bhfuil saintrealamh.

Is é an fhoireann 'Ó Sheirbhísí go Gbólacht' (STB) in BOOMESL príomhphointe teagmhála na seirbhísí oiliúna i dtaobh Idirchaidreamh a dhéanamh le Fostóirí. Is iad na hOifigigh Údaraithe (Comhairleoirí Oiliúna) an t-aon phearsanra in BOOMESL ar féidir leo printísigh a chlárú. Caithfidh fostóirí a bheith faofa, chomh maith, ag Oifigeach Údaraithe BOOMESL (Comhairleoir Oiliúna) sula n-earcaítear iad agus sula gcláraíonn siad printíseach. In 2016, rinne breis agus 500 fostóir idirchaidreamh leis an tseirbhís seo.

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Chuir an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an TFAO) faoi BOOMESL cláir pháirtaimseartha bhreisoideachais ar fáil do dhaoine fásta (os cionn 16 bliana d'aois). In 2016, d'fhreastail 3,082 tairbhí ar chlár an TFAO cláir in 248 grúpa foghlama. B'éard a bhí sna cláir seo 191 cúrsa éagsúil ar fud na dtrí chontae. Is é cuspóir chlár an TFAO chun an deis a thabhairt do dhaoine tabhairt faoi fhilleadh ar an bhfoghlaim agus gealltanais eile, mar shampla, an teaghlach, obair agus freagrachtaí eile.

Tá cláir á dtairiscint ar bhonn páirtaimseartha agus beartaítear iad i gcomhairle le foghlaimeoirí, fostóirí, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí eile, a chuireann rogha sholúbtha ar fáil lena ligean do dhaoine filleadh ar an oideachas. Áirítear leis an spricghrúpa a dtugtar tús áite dó luathfhágóirí scoile agus daoine atá dífhostaithe agus a dteastaíonn uathu tabhairt faoi athoiliúint.

Is féidir an méid seo a leanas a áireamh leis na cúrsaí a chuirtear ar fáil:

- Ábhair ar Leibhéal an Teastais Shóisearaigh nó na hArdteistiméireachta
- Miondámhachtainí agus Mórdámhachtainí DCCÉ ar Leibhéal 3 agus 4
- Leanúint ar aghaidh go dtí Miondámhachtainí agus Mórdámhachtainí DCCÉ ar Leibhéal 5 agus 6

Tá cúrsaí TFAO saor in aisce do dhaoine a bhfuil íocaíocht Leasa Shóisialaigh incháilithe á fáil acu agus d'íarratasóirí a nach bhfuil cáilíocht Ardteistiméireachta nó a comhionann bainte amach acu. Tá táillí iníoctha faoi chúinsí áirithe eile.

Is iad cuspóirí foriomlána an TFAO chun rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta a mhéadú nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach curtha orthu i réimse deiseanna foghlama solúbtha. Tugann an TFAO tús áite do dhíriú ar dhaoine aonair agus grúpaí a mbíonn bacainní ar leith agus géara rompu páirt a ghlacadh san oideachas agus ar deacra iad a spreagadh páirt a ghlacadh sa phróiseas foghlama foirmiúla.

Miondealaítear clár an TFAO ina chúig limistéar go hoibríochtúil laistigh de BOOMESL:

- Liatroim
- Sligeach
- Maigh Eo Thuaidh
- Maigh Eo Theas agus Thoir
- Maigh Eo Láir agus Thiar

I measc na gcúrsaí a cuireadh ar tairiscint, bhí:

- Modúil TFC DCCÉ ar Leibhéal 3, 4 agus 5
- Filleadh ar chúrsaí Foghlama ar Leibhéal 3 agus 4
- Dámhachtainí Luathchúram Leanaí agus Oideachais ar Leibhéal 4, 5 agus 6
- Modúil Riachtanas Speisialta ar Leibhéal 5
- Dámhachtainí Cúram Sláinte ar Leibhéal 4 agus 5
- Dámhachtainí Altranais ar Leibhéal 5
- Modúil Mhatamaitice agus Innealtóireachta ar Leibhéal 4 agus 5
- Modúil BCTE ar Leibhéal 4 agus 5

An tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh

Is é an sainmhíniú a thugann an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh ar litearthacht aosach in Éirinn:

“Urlabhra, léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearhacht agus teicneolaíocht laethúil don chumarsáid (TFC). Baineann toisí pearsanta, sóisialta agus geilleagracha le litearthacht.”¹

Cuireann an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoirí chun feabhas a chur ar a bhfoghlaim, muinín agus scileanna. Tá gach cúrsa in ainm is bheith cuspóireach do dhaoine fásta laistigh dá saol laethúil agus a leibhéal agus suimeanna a léiriú agus a fhorbairt.

Anuas ar chúrsaí ar Leibhéal DCCÉ 1-3, cuireann BOOMESL réimse cúrsaí neamhdheimhnithe ar fáil, chomh maith. Reáchtáiltear cúrsaí ar an láthair agus is féidir cúrsaí a thairiscint ar bhonn for-rochtana i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí pobail, deonacha agus reachtúla.

¹ An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh: *Integrating Literacy: Guidelines for further education and training centres, Revised edition 2013*

Miondealaítear Litearthacht Aosach ina chúig limistéar go hoibríochtúil laistigh de BOOMESL:

- Liatroim
- Sligeach
- Maigh Eo Thuaidh
- Maigh Eo Theas agus Thoir
- Maigh Eo Láir agus Thiar

Cuirtear i ngach limistéar na seirbhísí agus na cláir ar fáil a ndéantar cur síos orthu lastall.

Litearthacht Ghinearálta

Tá cláir litearthachta d'aoisigh dírithe go príomha ar na torthaí foghlama ar leibhéal 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Is é an spriocghrúpa a dtugtar tús áite dó i dtaobh cláir litearthachta na daoine fásta siúd ar cuireadh bunoidreachas, ar a airde, orthu agus nach mbaineann a scileanna litearthachta agus uimhearthachta leibhéal 3 ar an CNC amach. Cuirtear ranganna litearthachta ar fáil trí theagasc duine ar dhuine agus/nó i ngrúpaí beaga. I ndiaidh measúnú tosaigh a dhéanamh bunaithe ar léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic agus litriú, cuirtear foghlaimeoirí i leibhéal 1-3 DCCÉ. Cuirtear pleananna foghlama aonair i dtoll a chéile i gcomhairle leis an bhfoghlaimeoir. Sanntar teagascóir cáilithe don fhoghlaimeoir/ghrúpa.

Cuirtear TFC ar fáil dóibh siúd a thugtar chun solais sna spriocghrúpaí. Díríonn sé ar scileanna bunúsacha méarchláir, dul chun cinn go dtí leibhéal 3 DCCÉ in inniúlacht ar ríomhairí, scarbhileoga agus próiseáil focal. Is gnách go gcuirtear litearthacht in TFC ar tairiscint mar chuid de sholáthar scileanna bunúsacha níos fairsinge, ach is féidir é a chur ar tairiscint leis féin.

Is féidir cláir foghlama mheasctha a chur ar tairiscint, chomh maith. Cláir ar líne iad seo lena dtacaíonn teagascóir. Tugtar i gclár an rogha d'fhoghlaimeoirí chun oibriú ar a luas féin sa bhaile, agus bíonn de rogha acu, chomh maith, freastal ar rang chun tacaíocht a fháil.

Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach (ITABE)

Cuireann an clár seo teagasc sé huair an chloig ar tairiscint i gcaitheamh ceithre seachtaine déag. Úsáidtear uirlis shonrach *réamh-mheasúnaithe* agus *iar-mheasúnaithe* chun leibhéal litearthachta agus uimhearthachta i measc foghlaimeoirí a bhailiú sula dtugtar faoi chlár ITABE agus ar chríochnú Tá an clár seo d'fhoghlaimeoirí ar leibhéal 1-3 den CNC agus iad siúd nach bhfuil aon cháilíochtaí foirmiúla acu.

Litearthacht Teaghlaigh

Cláir luath-idirghabhála iad cláir litearthachta teaghlaigh a fheabhsaíonn litearthacht linbh agus a fheabhsaíonn scileanna tacaíochta tuismitheora, chomh maith. Tá de chuspóir cláir litearthachta teaghlaigh:

- Feabhas a chur ar scileanna litearthachta, teanga agus uimhearthachta tuismitheoirí
- Feabhas a chur ar chumas tuismitheoirí chun cabhrú le leanaí foghlaim
- Feabhas a chur ar scileanna forbartha leanaí óga agus a litearthacht, teanga agus uimhearthacht a bhaint amach.

Ní cláir thuistithe iad cláir litearthachta teaghlaigh ach tugann siad an mhúineán do thuismitheoirí a aithint gurb iad chéad oideachasóirí a leanaí agus go bhfuil a leanaí á múineadh acu cheana féin. Bíonn cláir dírithe ar an aoisghrúpa 0-6 bliana agus ar obair i gcur chuige trí ghné le thuismitheoirí, leanaí agus scoileanna.

Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)

Cuirtear san áireamh i soláthar BCTE riachtanais foghlama an phobail i gcoitinne agus cuirtear é ar tairiscint do spriocghrúpaí ar nós iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe agus oibríthe imirceacha dífhostaithe. Sanntar áiteanna d'fhoghlaiméirí bunaithe ar chlárú agus measúnú.

Cuirtear ranganna Béarla ar tairiscint ar leibhéal éagsúla litearthachta, mar shampla, nuair go bhféadfadh nach fios do dhuine éigin an aibítir iartharach, a fhad le Leibhéal 5 DCCÉ, a meastar gurb é an leibhéal iontrála cuí chun an lucht saothair a iontráil faoi rath.

Clár Athlonnaíochta Dídeanaithe

I Nollaig 2016, rinne an chéad tráinse de dhídeanaithe cláir a athlonnú i dtrí láthair i Maigh Eo. Bhunaigh an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh ranganna tús eolais i mí na Nollag ar a ndearnadh breis forbartha in 2017.

Tairbhíthe na Seirbhíse Litearthachta d'Aosaigh agus Cúrsaí ar Tairiscint in 2016

Cláir	Tairbhíthe BOOMESL	Cúrsaí / Grúpaí
Litearthacht Ghinearálta, Foghlaim Teaghlaigh agus Cláir Athlonnaíochta Dídeanaithe	1,537	261
ITABE	216	26
BCTE	1,055	80
Scileanna don Obair	163	23

Oideachas Pobail

Tagraíonn Oideachas Pobail d'oideachas agus foghlaim aosach, taobh amuigh den earnáil oideachais fhoirmiúil go ginearálta. Tá de chuspóir aige pobail a chumasú agus tacú leo. Tá sé bunaithe go dlúth sa phobal, agus glacann grúpaí áitiúla freagracht as agus príomhról i gcúrsaí a eagrú, cinneadh a dhéanamh ar ábhar cláir. Cuireann an scéim ar chumas daoine fásta faoi mhíbhuntáiste oideachas pobail a fháil ar chostas íosta nó ar chostas ar bith. In 2016, cuireadh cúrsaí Oideachas Pobail ar fáil do 3,419 foghlaiméir fásta. Reáchtáladh 405 cúrsa Oideachas Pobail ar fud na dtrí chontae.

Is féidir le hOideachas Pobail saol aonair a athrú agus cuireann sé le comhtháthú sóisialta. Cruthaíonn sé deiseanna d'fhoghlaim idirghlúine, cruthaíonn sé féinmhúineán agus féinmheas agus tacaíonn sé leo siúd a bhfuil scileanna ísle acu nó a raibh eispéireas diúltach acu ar oideachas foirmiúil. Is féidir leis céim chun cinn a chur ar fáil a fhad le breisfoghlaim, cáilíochtaí agus obair thairbheach. Ina theannta sin, leag an Coimisiún Eorpach an bhéim ar phríomhról na sochaí sibhialta i bhfoghlaim aosach a chur

chun cinn, go háirithe i dtaobh foghlaim neamhfhoirmiúil a shaothrú, anuas ar an ngá atá le tús áite a thabhairt do phobail foghlama agus líonraí sóisialta.

Laistigh de BOOMESL, eagraítear Oideachas Pobail faoi struchtúr an chontae agus tá Éascaitheoir Oideachas Pobail (ÉOP) ag gach contae atá freagrach as an gceantar. Seo a leanas an próiseas ina n-oibrítear cúrsaí Oideachas Pobail laistigh de BOOMESL:

- Riachtanais oideachais a shainnithint trí phróiseas grúpiarratais agus/nó obair forbartha Éascaitheoir Oideachas Pobail (ÉOP).
- Breithmheas a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht Oideachas Pobail.
- Cistiú a leithdháiltear ar ghrúpaí i bhfoirm uaireanta teagaisc dhírigh (Sligeach agus Liatroim) nó deontais a leithdháileadh ar ghrúpaí (Maigh Eo) ar chúrsaí lena gcomhaontaítear.

Tá ar ghrúpaí faisnéis agus sonrach ar leith a thabhairt ar ais nuair a chríochnaíonn siad cúrsaí, meastóireachtaí ina measc.

Uaireanta Comhoibrithe BOO

Faoi CGO Chontae Shligigh, rinne an ROS leithdháileadh maidir le huaireanta íoctha múinteoirí a d'fhéadfaí a úsáid i ngníomhaireachtaí eile chun tacú le hoideachas aosach bunata laistigh dá gcláir agus seirbhísí. Coimeádadh an leithdháileadh seo le himeacht na mblianta agus seo a leanas achoimre ar ghníomhaíochtaí in 2016:

Ainm na Gníomhaireachta Comhoibrithe	Leithdháileadh in Uaireanta	Líon na bhFoghlaimoirí
Ionad Oiliúna Pobail Shligigh	22 uair an chloig sa tseachtain	86
FSS, Teach Acmhainní Baile Uí Theimhneáin, Sligeach	11 uair an chloig sa tseachtain	14
Cheshire Homes, Sligeach	1 uair an chloig sa tseachtain	1

In 2016, rinneadh leithdháileadh iomlán 1,517 uair an chloig chun an tseirbhís / na cláir thuas a sholáthar.

An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Díríonn an SDOG ar rannpháirtithe os cionn 21 bliain d'aois, atá dífhostaithe agus a raibh íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe á bhfáil acu ar feadh 6 mhí, ar a laghad. Díríonn sé ar dhaoine atá dífhostaithe agus/nó luathfhágóirí scoile, ach go háirithe. Cuirtear réimse cúrsaí ar fáil i scéim an SDOG chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an spriocghrúpa seo.

Tugann sé deiseanna do rannpháirtithe chun feabhas a chur ar a leibhéal ginearálta oideachais, deimhniúchán a bhaint amach, a scileanna a fhorbairt agus ullmhú don fhostaíocht, féinfhostaíocht agus breisoideachas agus oiliúint. Is gnách go reáchtáiltear cláir an SDOG i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain agus oibrítear iad ar bhonn lánaimseartha ó Mheán Fómhair go dtí deireadh Mheithimh. Tá naoi n-ionad de chuid an SDOG ann laistigh de BOOMESL, faoi mar a shonraítear thíos.

Ionad	Líon na n-áiteanna do mhic léinn	Láthair
SDOG Acla	20	Acaill, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Átha	30	Bóthar na hArd-Eaglaise, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhaile an Róba	20	Bóthar na hÉille, Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Mhuirthead	20	Sráid an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo
SDOG Chaisleán an Bharraigh	40	Lána an Mhuilinn, an Príomhshráid, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal Átha na Muice	20+10 ²	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo
SDOG Shligigh	40	Sráid an Chalaidh, Sligeach
SDOG Thobar an Choire	20	Coláiste Chonnacht Thuaidh, Tobar an Choire, Contae Shligigh
SDOG Dhroim Seanbhó	40+8 ³	Droim Seanbhó, Contae Liatroma

I measc na gcúrsaí SDOG a reáchtáiltear laistigh de BOOMESL, tá:

- Riarachán Oifige agus TFC
- Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann (ATI agus IATI)
- Riarachán Gnó le Teangacha
- Léann Cultúir agus Oidhreachta
- An Ardteistiméireacht
- Cúram Sláinte
- Ealaín
- Léann Teanga agus Eorpach
- Turasóireacht agus Gnó
- ECDL (Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí)
- Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
- Altranas
- Teiripe Scéimhe
- Ceol
- Innealtóireacht Fuaim.

² Tá 10 n-áit atá scaipthe amach i Maigh Eo a bhainistítear agus a chuimsítear in SDOG Bhéal Átha na Muice.

³ Tá 8 n-áit atá scaipthe amach i Liatroma a bhainistítear agus a chuimsítear in SDOG Dhroim Seanbhó.

Ionad Oiliúna Pobail

Cuirtear Oiliúint do luathfhágóirí scoile ar fáil trí Ionad Oiliúna Pobail Shligigh (IOP) i gCliabhrach, Sligeach. I measc na gcúrsaí a chuirtear ar tairiscint, tá Lónadóireacht, Gruagaireacht, Spóirt agus Caitheamh Aimsire agus réimse cúrsaí éagsúla TFC. Tá 90 áit in IOP Shligigh. Leanann ardchomhréir d'fhoghlaimoirí a chríochnaíonn cláir san IOP ar aghaidh chun tabhairt faoi chúrsaí príomhlíne i limistéir eile de BOOMESL. Tugann an IOP an dara deis dóibh siúd a d'fhág an scoil go luath chun tabhairt faoin oideachas agus cuireann sé deis ar fáil dóibh leanúint lena staidéir.

Tá IOPanna cosúil le hionaid Ógtheagmhála i dtaobh cineáil de, agus freastalaíonn siad ar luathfhágóirí scoile ó 16 to 21 bliain d'aois. Tá cláir dírithe ar chúrsaí gairmoideachais, agus bronntar dámhachtainí DCCÉ ar Leibhéal 3, 4 agus 5 ar rannpháirtithe nuair a chríochnaíonn siad iad. Cistítear an t-ionad faoi choimirce Ionaid Oiliúna agus Soláthar Oiliúna agus Soláthar Oiliúna BOOMESL. In 2016, ghlac breis agus 110 foghlaimoir páirt i gcúrsaí ag an IOP.

Ógtheagmháil

Tá ceithre ionad Ógtheagmhála ag BOOMESL faoi láthair, trí cinn i Maigh Eo (Béal an Átha, Baile an Róba agus Coillte Mach) agus ceann amháin i mbaile Shligigh. Tá 150 áit ar fáil idir na ceithre ionaid agus baineadh áitíocht 90% amach in 2016. Oibrítear cláir cúig lá sa tseachtain i gcaitheamh na bliana acadúla. Cuirtear clár samhraidh ar fáil, chomh maith, i ndiaidh na scrúduithe stáit, a dhíríonn ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an mhic léinn. Cuimsítear in earnáil Ógtheagmhála fíis agus misean BOOMESL agus oibrítear í i gcomhréir lena prionsabail treorach.

Oibríonn Ógtheagmháil beartas rollaithe leanúnaigh, a cheadaíonn cláir bheith freagrúil do riachtanais iarratasóirí, agus gintear Pleananna Foghlama Aonair do gach rannpháirtí le cúnaimh meantóra. Glactar le prionsabail oibre don ógra, stíleanna éagsúla múinteoireachta agus cur chuige ealaín agus eolaíocht foghlama aosach chun na tairbhí do mhic léinn a uasmhéadú. Go traidisiúnta, bhí gné láidir ghairmoideachais sa soláthar in ionaid Ógtheagmhála BOOMESL, agus baineann go leor mic léinn taithí oibre amach sna hearnálacha óstáin, lónadóireachta, turasóireachta, innealtóireachta, tógála agus talmhaíochta. Cruthaíodh naisc láidre le gnólachtaí áitiúla, agus lean roinnt mic léinn ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach go háitiúil.

Tá próifíl athraitheach de mhic léinn Ógtheagmhála ag tagtha chun cinn. Go traidisiúnta, rinneadh formhór na n-atreoruithe ó scoileanna a d'atreoraigh mic léinn go díreach atá n-oireann an cur chuige iomlánaíoch a ghlactar in ionad Ógtheagmhála dóibh níos mó. Áirítear leis seo méideanna ranga níos lú, measúnú duine ar dhuine, scileanna saoil a mhúineadh agus scileanna boga a chur chun cinn a ghlacann ról suntasach i ngach limistéar ábhair san ionad. Faightear atreoruithe eile chuig ionaid anois ó réimse fairsing eagraíochtaí agus foinsí, mar shampla:

- Oifigigh Idirchaidrimh don Óige
- Seirbhísí Promhaidh
- Tusla
- Cúram cónaithe
- Grúpaí mionlaigh eitnigh
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS)



Mar gheall ar an bpróifíl athraitheach seo mhic léinn, ba ghá an soláthar a shaincheapadh chun go rachadh sé chun sochair na bhfoghlaimeoirí seo a thagann i láthair agus riachtanach an-difriúla acu ná a bhí ag foghlaimeoirí nuair a baineadh triail phíolótach as an gclár nach mór 30 bliain ó shin. Tugann gach Comhordaitheoir Ógtheagmhála le fios go dtugann formhór na bhfoghlaimeoirí i láthair agus saincheistanna meabhairshláinte acu óna dteastaíonn idirghabháil shuntasach, a chuireann brú sách mór ar acmhainní an ionaid.

Ghlac an Comhairleoir Síceolaíoch agus an Treoirchomhairleoir le ról i bhfad níos lárnaí i mbeatha an ionaid, agus chabhraigh sé leis an bhfoireann trí chomhairle a thabhairt ar an bpríomh-idirghabháil a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun cabhrú le daoine aonair dul chun cinn a dhéanamh. Cuireann na Príomhthionscnaimh Mheantóireachta ag an bhfoireann ar chumas rannpháirtithe a spricanna a mhiondealú isteach i ngrúpaí indéanta agus bhain seo an strus as dul chun cinn a bhaint amach, go mór mór.

Is ionann an coimeád a bheartaítear a bhaint amach i dtaobh mhic léinn Ógtheagmhála agus 81% agus cuireadh an curaclam nua i bhfeidhm i ngach ionad. Áirítear leis seo, cur chuige ilsrathach a chur i bhfeidhm i leith freastail, uirlisí tomhais scileanna boga, measúnuithe litearthachta agus uimhearthachta, nósanna imeachta leasaithe socrúchán oibre agus mic léinn a spreagadh chun pleananna gníomhaíochta aonair a fhorbairt.

An tSeirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais d'Aosaigh

Cuireann an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais d'Aosaigh comhairle, treoir agus faisnéis neamhchlaonta agus rúnda ar fáil do dhaoine fásta maidir lena n-oideachas, oiliúint agus gairmeacha beatha. Tá an tseirbhís do dhaoine fásta:

- Atá ag machnamh ar fhilleadh ar an oideachas nó leanúint ar aghaidh leis
- A bhfuil deacracht acu chun fostaíocht oiriúnach a aimsiú nó a choimeád mar gheall ar cháilíochtaí cuí oideachais
- Ar mian leo foirmeacha nua d'oideachas nó oiliúint a fhiosrú atá ar fáil i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

Tá faisnéis neamhchlaonta ar fáil don phobal i gcoitinne ar oideachas aosach áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Meastar gur bhain 2,800 úsáideoir leas as na seirbhísí seo in 2016.

Cúrsaí Tráthnóna agus Ranganna Oíche Féinmhaoinithe

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ranganna oíche ar fáil i roinnt ionad ar fud na dtrí chontae. Tá na ranganna seo dírithe ar dhaoine fásta atá ag lorg cur lena gcáilíochtaí, scil nua a fhoghlaim nó suimeanna pearsanta a fhiosrú. Tá cúrsaí tráthnóna ar oscailt do gach duine (daoine fostaithe agus dífhostaithe araon), ach tá táille le híoc ag daoine atá fostaithe, áfach. Caithfidh cliaint a íocann táille iarratas a dhéanamh go díreach leis an scoil / ionad. Is féidir le daoine dífhostaithe teagmháil a dhéanamh lena nOifig Seirbhísí Fostaíochta áitiúil de chuid an RCS chun teacht ar fhaisnéis ar a gcáilítheacht chun cúnaimh a fháil le táillí a íoc.

In 2016, ghlac breis agus 2,000 tairbhí páirt i gcúrsaí tráthnóna nó i ranganna oíche féinmhaoinithe.

Scileanna don Obair

Clár náisiúnta is ea Scileanna for Obair (SDO) atá dírithe ar dheiseanna oiliúna a sholáthar chun cabhrú le fostaithe déileáil le éilimh bhunscileanna an ionaid oibre. Cuireann SDO réimse ábhar ar fáil a thacaíonn le riachtanais oideachais an fhostaí i láithreacha agus ag amanna áisiúla. Tá cúrsaí deartha le bheith solúbtha agus inoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais an fhostóra agus fhostaí. Maireann cúrsaí SDO 35 uair an chloig agus is féidir leo creidiúnú a chur ar fáil a airde le Leibhéal 3 ar an CNC. Is é BOOMESL an fostóir óstaigh don Chomhordaitheoir SDO don Réigiún Thiar, a chuimsíonn sé chontae, ar an iomlán.

Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh Acla

Oibríonn BOOMESL Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh ag an gCaiseal, Oileán Acla, ó bhí 1971 ann. Ba é an chéad ionad dá shamhail ag an am agus forbraíodh aon ionad BOO déag eile timpeall na tíre agus forbraíodh an tionscal taobh amuigh ar fud na tíre dá bharr. Forbraítear san ionad cláir shaincheaptha, trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí eachtraíochta agus an timpeallacht taobh amuigh mar chatalaíoch i bhforbairt fhisiciúil, shóisialta agus intleachtúil rannpháirtithe.

Áirítear leis na rannpháirtithe scoileanna féin BOOMESL, anuas ar ionaid oideachais agus institiúidí bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, freastalaíonn sé ar ghrúpaí óige agus an pobal i gcoitinne ó aois seacht mbliana ar aghaidh.

Áirítear leis na cláir:

- Cláir Staidéir Allamuigh – tíreolaíocht, éiceolaíocht d’institiúidí dara agus tríú leibhéal
- Cláir ilghníomhaíochta taobh amuigh do bhunscoileanna, meánscoileanna agus don tríú leibhéal, e.g. curachóireacht, cadhcáil, tonnmharcaíocht, tonnmharcaíocht cholainne, gaothshurfáil, seoltóireacht, ailleadóireacht, rópadóireacht anuas, cnocadóireacht agus boghdóireacht
- Cúrsaí neartaithe na foirniúlachta
- Cúrsaí scileanna teastais faoi na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe
- Gaisce, Dámhachtain an Uachtaráin, Cré-Umha agus Airgead
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus na hIdirbhliana
- Cúrsaí Garchabhrach Tarrthála agus Cúram Éigeandála
- Campaí Samhraidh
- Cláir chultúrtha agus theanga
- Clár Cúrsa Oiliúna do Theagascóirí Gníomhaíochta Taobh Amuigh.

Saoráidí:

Tá cóiríocht san ionad do 60 duine, ar a mhéid, i sciatháin ar leith d’fhir agus mná. Tá seomraí ar leith ann do cheannairí grúpa, maoirseoirí agus múinteoirí. Cuirtear lónadóireacht ar fáil ar chúrsaí cónaithe agus lae, más gá. I measc na saoráidí áineasa ar an láthair, tá balla dreaptha taobh istigh, réimse boghdóireachta, cúirteanna cispheile taobh amuigh, limistéir féir agus cruinneachán mór do spórt agus dúshláin taobh istigh.

Obair don Ógra

Tá cumas oibre don ógra BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma cistithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ). Baineann feidhm BOOMESL ina leith seo leis an méid seo a leanas:

Tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú ar sheirbhísí oibre don ógra ina limistéar feidhme agus an fhaisnéis sin a sholáthar a d'fhéadfadh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh maidir leis an tacaíocht sin.

(An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, Alt 10(1)(j)).

Chuimsigh feidhm BOOMESL maidir le hobair don ógra in 2016 na seirbhísí seo a leanas in 2016:

- An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a riar do chlubanna óige faoi stiúir oibrithe deonacha.
- Caighdeán Cháilíochta Náisiúnta a chur i bhfeidhm do Ghrúpaí Óige faoi Stiúir Oibrithe Deonacha agus Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta don Earnáil Oibre don Ógra
- Tionscadal Speisialta don Ógra agus línte cistithe eile do sheirbhísí don ógra thar ceann an RLGÓ agus na Roinne Sláinte do sheirbhísí don ógra
- Tionscnaimh Mheabhairshláinte Óige i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim
- Tionscnamh Infhostaitheachta Óige an RLGÓ a riar
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh leis an óige trí thacaíocht Chomhairlí na nÓg i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

Anuas ar na seirbhísí a dtugtar cuntas orthu thuas, thacaigh BOOMESL le comhordú gníomhaíochtaí oibre don ógra le seirbhísí eile trí rannpháirtíocht i bhfiche a haon coiste idirghníomhaireachta. I measc na gcoistí idirghníomhaireachta seo, tá Tionscadail Críochnaithe Scolaíochta, grúpaí tacaíochta an Lucht Siúil agus Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga. Ghlac Oifigigh Óige BOOMESL, trína rannpháirtíocht sna grúpaí seo, le ról tábhachtach i gcaitheamh 2016 i dtaobh cur chuige comhpháirtíochta a threorú chun na spriocorthaí a bhaint amach a leagtar amach in *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga, 2014-2020*.

An Clár Críochnaithe Scolaíochta

Bunaíodh an Clár Críochnaithe Scolaíochta (an CCS) mar chuid de straitéis DEIS de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna). Bunaíodh an tseirbhís seo i Maigh Eo in 2007 agus tá sé ar fáil do bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal DEIS i dtuaisceart agus deisceart Mhaigh Eo. In 2011, rinneadh an Clár Críochnaithe Scolaíochta a chomhtháthú isteach sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (an BNLO) agus tá sé anois laistigh de Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Tá de chuspóir an Chláir Chríochnaithe Scolaíochta an líon daoine óga a mhéadú atá ag fanacht i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal trí fheabhas a chur ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coimeád scoláirí a d'fhéadfadh bheith i mbaol an scoil an fhágáil go luath. Díríonn an CCS ar spriocdhírú ar thacaíochtaí agus idirghabháil agus iad a sholáthar chun cabhrú leis na scoláirí seo chun a n-oideachas foirmiúil a chur i gcrích go rathúil. Áirítear leis an idirghabháil clubanna bricfeasta, clubanna obair bhaile, tacaíochtaí iarscoile, tacaíocht aonair do scoláirí, tacaíochtaí teiripeacha ar nós comhairleoireachta agus teiripe ealaíne, teagasc breise, clár mheantóireachta, clár aistrithe agusampaí samhraidh. Déanann an CCS tacaíochtaí a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na scoláirí, ach go háirithe iad siúd atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.

Tá seacht scoil dara leibhéal bainteach sa chlár i Maigh Eo:

- Coláiste Davitt, Caisleán an Bharraigh
- Scoil Mhuire agus Phádraig, Béal Átha na Muice
- Coláiste Pobail Acla, Acaill
- Coláiste na Maighne, Béal an Átha
- Coláiste Naomh Tiarnán, Crois Mhaoilíona
- Coláiste Naomh Breandán, Béal an Mhuirthead
- Ghaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach

Tá trí bhunscoil ann sa chlár, chomh maith:

- Scoil Íosa, Béal an Átha
- Scoil Phádraig, Béal an Átha
- Gaelscoil na gCeithre Maol, Béal an Átha

Oibríonn BOOMESL Cláir Chríochnaithe Scolaíochta Thuaisceart agus Dheisceart Mhaigh Eo agus déanann Coistí Bainistíochta Áitiúla iad a bhainistiú, le hionadaithe ó scoileanna, seirbhísí don ógra agus gníomhaireachtaí eile sna ceantair.

Glúin an Cheoil

Cuireann Glúin an Cheoil réimse de thionscadail oideachas ceoil ar fáil do leanaí agus daoine óga mar chuid de chlár náisiúnta Glúin an Cheoil a thosaigh Lónra an Cheoil, atá comhchistithe ag U2, Cistí na hÉireann, an ROS agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachas Ceoil.

Creideann Glúin an Cheoil i gcumas ceoil gach linbh agus duine óig. Is é fíís Ghlúin an Cheoil rochtain chuimsitheach ar oideachas ardchaighdeáin ceoil do leanaí agus daoine óga, a sholáthraíonn ceoltóirí oilte gairmiúla a idirghníomhaíonn ar bhealach spreagthach le leanaí agus daoine óga ina bpobail.

Glúin an Cheoil, Maigh Eo

Seirbhís oideachas ceoil is ea Glúin an Cheoil Mhaigh Eo do leanaí agus daoine óga aois 0-18 mbliana i gContae Mhaigh Eo. Go háitiúil, déanann Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil (COC) Mhaigh Eo, lena n-áirítear BOOMESL, Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Lónra Rannpháirtíochta Mhaigh Eo agus Ionad Oideachais Mhaigh Eo Glúin an Cheoil, Maigh Eo a bhainistiú.

Tá an clár á reáchtáil ag Comhordaitheoir agus Riarthóir Tionscadail. Tá Painéal Teagascóirí Ceoil ann, chomh maith, ina bhfuil breis agus 40 ceoltóir atá fostaithe ar shnáitheanna éagsúla cláir. I measc na gclár, tá Ionaid Teagaisc Réigiúnaigh, Clár Ceol Luathbhlianta Soundworlds, an Clár Ceoltóirí Cónaithe, Banc Gléasanna Contae agus Acmhainn Leabharlann Cheoil, Mol Ceoil don Ógra agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí do theagascóirí ceoil.

Glúin an Cheoil, Sligeach

Déanann BOOMESL, Comhairle Contae Shligigh, Ionad Oideachais Shligigh, Coiste Cúram Leanáí Contae Shligigh, Athghiniúint an Chrainn Mhóir agus an earnáil ceoil áitiúil Glúin Glúin an Cheoil, Sligeach a bhainistiú agus a chistiú.

Cuireann Glúin an Cheoil, Sligeach clár oideachas ceoil taibhithe ar fáil a chuimsíonn teagasc gutha agus gléis, agus a n-áirítear leis gach seánra ceoil agus gach saghas gléis agus stíl ghutha, a chuir ceoltóirí gairmiúla ar fáil do 3,500 leanbh agus duine óga in 2016. I measc ghnéithe an chlár, tá an Clár Scoileanna An Ceol a Fhiosrú, Teagasc Gléis agus Gutha, Go See (clár forbartha lucht féachana), Banc Gléasanna, Clár Oideachas Ceoil Chuimsitheach *Con Tutti*, taibhithe agus tionscadail speisialta.

Faisnéis Teagmhála

PRÍOMHOIFIG, MAIGH EO

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
An Baile Nua,
Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo
F23 DV78

HEAD OFFICE, MAYO

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board
Newtown
Castlebar
Co. Mayo
F23 DV78

Guthán: +353 (0)94 902 4188 **Facs:** +353 (0)94 902 4187 **Ríomhphost:** infomayo@msletb.ie

SLIGEACH

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Sráid na Cé
Sligeach
F91 XH96

SLIGO

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board,
Quay Street
Sligo
F91 XH96

Guthán: +353 (0)71 91 94800 **Facs:** +353 (0)71 91 44121 **Ríomhphost:** infosligo@msletb.ie

LIATROMA

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Ardán Sheoirse Naofa,
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma
N41 W2X7

LEITRIM

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board,
St. George's Terrace
Carrick-on-Shannon
Co. Leitrim
N41 W2X7

Guthán: +353 (0)71 96 20024 **Fax** +353 (0)71 96 21362 **Email:** infoleitrim@msletb.ie

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

<http://mayosligoleitrim.etb.ie/>

Gluais

TFAO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
ARC agus C	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
PF	Príomhfheidhmeannach
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
ROS	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
CFPÁ	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
TOÁ	Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
COC	Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil
BOOMESL	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
LNTO	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
CCNC	Creat na gCaihdeán Náisiúnta Cáilíochta don Earnáil Oibre don Ógra
IA	Iar-Ardteistiméireacht
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CCS	An Clár Críochnaithe Scolaíochta
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SDO	Scileanna don Obair
SSRP	Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Shligigh
STB	Seirbhísí do Ghnólachtaí
IB	An Idirbhliain
CGO	Coiste Gairmoideachais
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

SCOILEANNA	SONRAÍ
Maigh Eo	
Coláiste Pobail Acla	Poll Raithní, Gob an Choire, Contae Mhaigh Eo, F28 CP49 http://colaistepobailacla.ie/
Coláiste Davitt agus Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Gort an Tobair, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, F23 VY15 www.davittcollege.com /An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, F23 EW84 https://ccfe.ie/
Coláiste na Maighne	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo, F26 W884 www.moynecollege.ie
Coláiste Chomáin	Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo, F26 YR99 www.gcr.ie
Coláiste Naomh Breandán	Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo, F26 C782 www.stbrendanscollege.com
Coláiste Pobail Naomh Seosamh	Béal Átha na Sróna, Baile Chathail, Contae Mhaigh Eo, F12 WE19 www.sjcc.ie
Coláiste Phádraig	Crois na Leacan, Cill Ala, Contae Mhaigh Eo, F26 NW52 www.lackencross.ie
Coláiste Naomh Tiarnán	Crois Mhaoilíona, Contae Mhaigh Eo, F26 WK25 mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/
Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart	Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo, F28 TP82 www.westportcfe.ie
Sligeach	
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid agus Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Sligeach, F91 DY66 www.ballinodcollege.com / www.sligocfe.ie
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Contae Shligigh, F26 EC56 www.colaisteiascaigh.ie
Iar-Bhunscoil Chúil Dheá	Baile idir Dhá Abhainn, Contae Shligigh, F52 XE71 www.coola.ie
Coláiste an Chorainn	Baile idir Dhá Abhainn, Contae Shligigh, F56 DP86 www.corrancollege.com
Iar-Bhunscoil na Gráinsí	An Ghráinseach, Contae Shligigh, F91 F722 grangepps.ie
Coláiste Chonnacht Thuaidh	Tobar an Choire, Contae Shligigh, F91 X883 northconnaughtcollege.net
Liatroim	
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Contae Liatroma, H12 TD72 mayosligoleitrim.etb.ie/school/carrigallen-vocational-school
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma, N41 D623 www.dvs.ie
Coláiste Loch Aillion	Droim Caorthainn, Contae Liatroma, N41 XT98 www.loughallencollege.ie
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Contae Liatroma, N41 YT72 mohillcommunitycollege.ie

IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	SONRAÍ
Maigh Eo:	
Ionad Oiliúna Bhéal an Átha	Ceathrú an Chaisleáin Thiar, Béal an Átha, F26 P278
Ionad Breisoideachais Páirtaimseartha Chlár Chlainne Mhuiris	Lána an tSéipéil, Clár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo, F12 F5W7
Ionad Breisoideachais Acla	Ionad Oideachais Allamuigh Acla Acaill, Contae Mhaigh Eo, F28 H7F2
SDOG Bhéal Átha na Muice	Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo, F12 DC93
SDOG / Ógtheagmháil Bhéal an Átha	Bóthar na hArd-Eaglaise, Contae Mhaigh Eo, F26 FEF4
SDOG / Ógtheagmháil Bhaile an Róba / Ionad Breisoideachais Bhaile an Róba	Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo, F31 FK54
Ógtheagmháil Choillte Mach	Coillte Mach, Contae Mhaigh Eo, F12 CK33
Ionad Breisoideachais Bhéal an Mhuirthead	Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo, F26 D8H2
Ionad Breisoideachais Bhéal an Átha	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo, F26 E264
Ionad Breisoideachais Bhéal Átha hAmhnais	Béal Átha hAmhnais, Contae Mhaigh Eo, F35 A064
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chaisleán an Bharraigh	Caisleán an Bharraigh (Kingsbridge), F23 FW70
Sligeach:	
Ionad Oideachais d'Aosaigh, Sligeach	Sráid an Chaisleáin, Sligeach, F91 DK33
Coláiste Bhéal Átha an Fhóid / Coláiste Breisoideachais Shligigh	Sráidbhaile an Ghalltrumpa, Béal Átha an Fhóid, Sligeach
Ionad Oiliúna Shligigh	Baile Uí Theimhneáin, Sligeach, F91 N284
Ógtheagmháil Shligigh	Eastát Tionsclaíochta Chliabhraigh, Sligeach, F91 FY68
Liatroim:	
CIA - Mayflower, Droim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma, N41 Y8P6
Oideachas Aosach - Ionad Bee Park, Cluainín	Cluainín, Contae Liatroma, F91 HCD9
Oideachas Aosach - Teach na Toirbhirte, Cora Droma Rúisc	Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma, N41 A2H5
Coláiste Mhuire	Maothail, Contae Liatroma, N41 CY58

COISTÍ BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA

Coiste Iniúcháireachta

Coiste Airgeadais

Coiste Breisoideachais agus Oiliúna

Coiste Oibre don Ógra

Coiste Comhairleach Ógtheagmhála

Coiste Comhairleach Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh Acla

Tá ionadaithe ag BOOMESL, chomh maith, ar na Coistí an Institiúidí Teicneolaíochta ag IT, Sligeach, IT na Gaillimhe-Maigh Eo agus IT Leitir Ceanainn

Aguisín 2: Faisnéis Airgeadais

Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2016

	2016
	€
FÁLTAIS	
Deontais Scoileanna agus Cheannoifige	38,076,736
Deontais Bhunscoileanna	0
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	30,228,597
Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn	2,000
Deontais Seirbhísí don Ógra	264,376
Tionscadail Ghníomhaireachtaí agus Féinmhaoinithe	5,048,404
Deontais Chaipitil	1,535,028
	<u>75,155,141</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ	
Scoileanna agus Ceannoifig	37,794,907
Deontais Bhunscoileanna	0
Breisoideachas agus Oiliúint	30,493,292
Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn	98,905
Seirbhísí don Ógra	283,214
Tionscadail Ghníomhaireachtaí agus Féinmhaoinithe	5,326,961
Caipiteal	2,040,507
	<u>76,037,786</u>
Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse	(882,645)
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	<u>940,969</u>
Barrachas/(Easnamh) Fabhraithe Ioncaim don Bhliain	58,324
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim an 01/01/2016	(195,152)
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim an 31/12/2016	<u>(136,828)</u>

- **Pá an Phríomhfheidhmeannaigh**

I gcomhréir le scálaí pá a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna, íocadh €115,756 le Príomhfheidhmeannach (PF) BOOMESL sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016. Íocadh ÁSPC Fostóra €2,503, chomh maith. Ní dharna an PF aon taisteal eachtrach i rith na tréimhse.

- **Costais Chomhaltaí Boird**

Íoctar costais le comhaltaí Boird as taisteal chuig cruinnithe a bhain leis an mBord. B'ionann na costais chomhiomlána a íocadh le gach comhalta sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus:

Comhalta Boird	Cruinnithe Reachtúla	Boird Agallaimh	Freastal ar Chomhdhála/ Seimineáir	Eile	Iomlán	Líon na gCruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu
	€	€	€	€	€	
Thérèse Ruane	471	-	-	-	471	5
Teresa McGuire	719	918	668	325	2,630	5
Christy Hyland	1,468	6,578	438	-	8,484	6
Tom Connolly	884	-	520	129	1,533	6
Paul Ainsworth	143	-	-	-	143	3
John Caulfield	586	-	-	-	586	5
Donna Sheridan	715	-	824	-	1,539	7
Margaret Gormley	982	641	-	81	1,704	7
Séamus Kilgannon	1,160	347	-	168	1,675	6
Joseph Queenan	914	-	599	-	1,513	7
Mary Bohan	998	8,145	4,536	393	14,072	6
Evelyn Cafferty	456	-	-	-	456	3
Paddy O'Rourke	1,181	-	347	-	1,528	7
Enda Stenson	685	-	-	-	685	5
Sinéad Dore	428	-	-	-	428	5
Enda Cawley	874	-	-	-	874	6
Susan Finan	370	-	-	-	370	4
Malachy Molloy	613	1,426	-	-	2,039	6
Kieran O'Dowd	273	-	-	-	273	4
John Gardiner	589	-	-	-	589	6
Annie May Reape	283	-	333	-	616	4
Total	14,792	18,055	8,265	1,096	42,208	

Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma leis an ráiteas seo ag a chruinniú Boird an 26 Meitheamh 2018.